Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Márta 2023
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0200(COD)**

**7396/1/23**
**REV 1**

**CODEC 370**
**CLIMA 128**
**ENV 239**
**ENER 117**
**TRANS 94**
**AGRI 126**
**IND 106**
**ECOFIN 242**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/842 le maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bheith á ndéanamh ag na Ballstáit ó 2021 go dtí 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 14 Iúil 2021, chuir an Coimisiún an togra uaidh[1], atá bunaithe ar Airteagal 192(1) CFAE, chuig an gComhairle.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh an 8 Nollaig 2021[2].

3. Thug Coiste na Réigiún a thuairim uaidh an 28 Aibreán 2022[3].

[1] 10867/21 + ADD 1 go dtí 4.
[2] IO C 152, 6.4.2022, lch. 189.
[3] IO C 301, 5.8.2022, lch. 221.

4. An 14 Márta 2023, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis an méid sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 72/22 é, a fhormheas mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Pholainn ag vótáil ina choinne, agus an Bheilg agus an Ostair ag staonadh ón vótáil.

6. Leagtar amach an ráiteas le haghaidh na miontuairiscí ó chruinniú na Comhairle in Aguisín 1 a ghabhann leis an nóta seo.

7. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtaráin Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[4] 7291/23.